Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/236

28.1.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/236 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 27 Eanáir 2026**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1398 (EUTM Somalia/1/2026)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile [1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Feabhra 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/96/CBES, lenar bunaíodh misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia).

(2) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 2010/96/CBES, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUTM Somalia ('Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh').

(3) An 9 Iúil 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1398 [2], lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Marco MANZONE mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 18 Iúil 2025.

(4) An 27 Samhain 2025, chuir údaráis mhíleata na hIodáile in iúl do Cheann na Stiúrthóireachta um Chumas Míleata Pleanála agus Seolta gur cuireadh deireadh le sainordú an Bhriogáidire-Ghinearál Marco MANZONE mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

(5) An 17 Nollaig 2025, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Coirnéal Elio MANES a cheapadh i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Marco MANZONE mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ('an ceapachán molta'). Chuir údaráis mhíleata na hIodáile in iúl go dtabharfaí ardú céime don Choirnéal Elio MANES go Briogáidire-Ghinearál sula gceapfaí é mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

(6) An 18 Nollaig 2025, thacaigh Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia leis an gceapachán molta.

(7) An 8 Eanáir 2026, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé gur cheart an Coirnéal Elio MANES a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

(8) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCoirnéal Elio MANES a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

(9) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/1398 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Elio MANES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) amhail ón 30 Eanáir 2026.

*Airteagal 2*

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1398.

[1] IO L 44, 19.2.2010, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/96(1)/oj.

[2] Cinneadh (CBES) 2025/1398 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/1908 (EUTM Somalia/1/2025) (IO L, 2025/1398, 11.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1398/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Eanáir 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Eanáir 2026.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK